Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10967 – ACE PHARMACEUTICALS BELGIUM / FEBELCO / PANNOC CHEMIE JV) Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 18/08)

1. An 10 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ACE Pharmaceuticals Belgium NV ("ACE Belgium", an Bheilg), atá faoi rialú, ar thaobh amháin, Quadrum Capital (an Ísiltír), Rivean Capital (an Ísiltír), Gilde Healthcare (an Ísiltír) trí ACE Pharmaceuticals BV atá in ACE Pharma Group BV, agus, ar an taobh eile, Pharentum NV (an Bheilg);

— Febelco CV ("Febelco", an Bheilg); agus

— Pannoc Chemie NV ("Pannoc", an Bheilg).

Gheobhaidh ACE Belgium agus Febelco rialú comhpháirteach ar Pannoc de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is comhfhiontar ACE Belgium idir ACE Pharmaceuticals BV – atá in ACE Pharma Group BV – agus Pharmentum NV,

— Tá ACE Pharma Group BV gníomhach i bhforbairt, táirgeadh, clárú agus díol leigheasanna le haghaidh grúpaí beaga othair nó tásca sonracha, chomh maith le táirgeadh agus leithdháileadh leigheasanna ar mhaithe le taighde chliniciúil,

— Is cistí cothromais phríobháidigh iad Quadrum Capital, Rivean Capital agus Gilde Healthcare,

— Is cuideachta sealbhaíochta é Pharmentum NV a rialaíonn Pharma Chemicals, cuideachta cógaisíochta atá gníomhach i ndáil le hamhábhair leighis a fhoinsiú, anailís a dhéanamh ar na hamhábhair sin agus iad a athphacáistiú, ar amhábhair iad a dhíolann an chuideachta cógaisíochta le cógaslanna agus ospidéil a dhéanann tuilleadh próiseála ar na hamhábhair,

— Is comharchumann é Febelco atá faoi úinéireacht beagnach go hiomlán ag a chustaiméirí, cógaiseoirí neamhspleácha na Beilge. Tá Febelco gníomhach, i measc nithe eile, mar dháileoir mórdhíola táirgí cógaisíochta agus paracógaisíochta,

— Is cuideachta cógaisíochta de chuid na Beilge é Pannoc atá dírithe ar amhábhair leighis agus táirgí cosmaideacha, ar táirgí cosmaideacha iad atá i bhfoirm uachtair, ungthaí, glóthaí, lóiseanna agus tuaslagáin, a fhorbairt, a tháirgeadh, a phacáistiú agus a dhíol chomh maith le líon teoranta leigheasanna.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10967 – ACE PHARMACEUTICALS BELGIUM / FEBELCO / PANNOC CHEMIE JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË